☸An Lúibín☸

29 Samhain 2004

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

An Ghaeilge ar scoil
Irish is absent from the curriculum in Australia, at every level.

Sa tríú Comhdháil Staire Gael-Astrálach déag, a bhí ar siúl ag Ollscoil Mhelbourne i mbliana, bhí páipéir á léamh den chéad uair faoin nGaeilge san Astráil. Rud é a chuirfeá thú ag cuimhneamh ar a laghad staidéar a dhéantar ar an teanga ag an tríú léibhéal, i dtír a bhfuil an oiread sin daoine de shliocht Éireannach ann. Is é an scéal céanna sna meánscoileanna é.

Ag Ollscoil Mhelbourne tá cúrsa léinn Éireannaigh – cúrsa maith, más fíor, agus ollamh cumasach ina bhun, ach níl aon Ghaeilge ag baint leis. Is aisteach an scéal é, agus a bhfuil de thaighde á dhéanamh ar stair na teanga anseo. Bheadh na gnáthchonstaicí roimh an té a bheadh ag iarraidh ábhar ollscoile a dhéanamh den Ghaeilge: léachtóir Gaeilge a fháil agus a fhostú ar feadh tréimhse áirithe, an t-airgead a fháil chuige. Is féidir na deacrachtaí sin a shárú. Is fada Gaeilge á múineadh faoi thor, i gclúid, i 'ranganna do dhaoine fásta'; tá a maith féin sna ranganna úd, ach tá sé thar am an teanga a ligean isteach san ollscoil féin mar chuid de chéim. Is fánach an cúrsa againn staidéar a dheánamh ar stair na nÉireannach anseo agus gan staidéar a dhéanamh ar an dúchas bunaidh a thug an oiread sin acu anall leo – dúchas nach bhfuil inscartha ón teanga.

Ní fios cén glaoch a bheadh ar Ghaeilge sna meánscoileanna. B'fhéidir í a chur á múineadh iontu ach cúig dhalta dhéag a bheith ann chuige ar fud na tíre. Ach níl aon deimhniú ann go mbeadh suim ar bith ag an aos óg inti. Teanga í a mheallann daoine in aois na céille, mar is léir ó na ranganna Gaeilge atá anois ann. Mar sin féin, d'fhéadfadh toradh a bheith ar an ngnó ach cur chuige mar is ceart – eolas a fháil faoi théacsleabhair, faoi mhúinteoirí, faoin suim a bheadh san ábhar. Tá mórán Éireannach sa tír seo agus na mílte Gael-Astrálach: is deacair a chreidiúint nach mbeadh cuid dá gclann toilteanach dul i gceann an ábhair seo. B'fhiú feidhm a bhaint as gléas seantriailte – coiste a bhunú chun an gnó a chíoradh agus a chur chun cinn (mura bhfuil tú orthu siúd a deir go gcuirfeadh coiste an gnó siar i dtóin an diabhail).

Tá an Ghaeilge ag brath ar chúrsaí faisin, ar nós a lán rudaí eile. Cibé éileamh atá uirthi anois mar ábhar beidh méadú nó laghdú air amárach. Glacaimis le guagacht an tsaoil agus cuirimis múineadh na teanga ar siúl sna áit nach bhfuil sé anois. I dtír ilteangach ní beart dodhéanta é.

Rogha na dTíomórach
As an official language East Timor has chosen Portuguese, the speech of its old colonial masters. Would Indonesian have been better?

Tá dáimh áirithe ag an Astráil le Timor Leste (Tíomór Thoir). Bhí ár gcuid saighdiúirí ann seasca bliain ó shin, agus arís sna nóchaidí le Interfet. Tá claonadh againn chun é a shamhlú mar oileán ar leith, cé go léiríonn an léarscáil nach bhfuil ann ach leathoileán: iarsma den impireacht Phortaingéalach atá ag críochantacht le hiarsma den impireacht Ollannach.

Is iomaí teanga atá á labhairt i dTíomór Thoir, agus gaol ag a bhformhór lena chéile agus leis an Malaeis. Bhí Tetum ann riamh mar theanga choitianta ag bunadh na háite, agus Portaingéilis ag an lucht ceannais – na feidhmeannaigh, na riarthóirí, agus na mic léinn ar éirigh leo ardoideachas a fháil. Sa bhliain 1975 bhí an Phortaingéil ina cíor thuathail, agus í ag tréigean a cuid coilíneachtaí chomh tiubh géar is ab fhéidir léi. Bhí Tíomór Thiar ag na hIndinéisigh cheana, agus thapaigh siad an deis chun an t-iomlán a ghábháil. Níor mhair siad sa taobh thoir ach fiche éigin

bliain, cé gur fhág siad a lorg ar an áit, idir mhaith agus dhona. Ar na ceisteanna a bhí le réiteach ag an stáitín nua bhí ceist na teanga, agus socraíodh go mbeadh teanga náisiúnta ann (Tetum) agus teanga 'oifigiúil': Portaingéilis.

Conas a tháinig ar an réiteach seo? Ní raibh locht ag aon duine ar Tetum, teanga shimplí sholúbtha a bhfuil an dá chanúint aici: ceann na tuaithe agus ceann eile – Tetum Praça – a leathnaigh ina comhchaint ag an bpobal ar fud na tíre nuair a bhí an Phortaingéil i réim. Teanga náisiúnta anois í, agus í breac le focail agus le frásaí a tháinig ó Phortaingéilis; tá sí á labhairt freisin ag Tíomóraigh san Astráil agus sa Phortaingéil féin.

Fad is a bhí baint ag Tíomór Thoir leis an Indinéis bhí Indinéisis á múineadh sna scoileanna agus á húsáid i gcúrsaí riaracháin, rud a d'fhág an teanga sin ag mórán den aos óg, go háirithe má chuaigh siad chun ollscoile in Jakarta; ach mhair an Phortaingéilis dá ainneoin sin, agus tá sí ar a dtoil ag na ceannairí atá anois ann, daoine a fuair a gcuid scolaíochta faoin seanréimeas. Tá meas acu ar oidhreacht chultúrtha na teanga, agus níor dhiúltaigh siad do na múinteoirí a thairg an Phortaingéil a chur chucu – cúiteamh mall san fhaillí a rinne sí siúd i leas na ndaoine sa seansaol.

Teanga idirnáisiúnta an Phortaingéilis atá á labhairt i réimse mór de Mheiriceá Theas agus den Afraic, agus a bhfuil baint stairiúil aici le Tíomór. Ach is í an Indinéis an chomharsa bhéal dorais, tír fhuinneamhach nach féidir a bheith fuar inti. Caithfidh an dá thír tarraingt lena chéile, agus ní mór dóibh dul chun cainte lena chéile. Tá a fhios sin ag ceannairí Thíomóir Thoir. Tá siad sásta dearmad a dhéanamh den leatrom agus den aighneas: is fearr leo súil rompu ná dhá shúil ina ndiaidh. Is fearr leo an Phortaingéilis mar bhealach amach chun an tsaoil mhóir, ach ní hí sin an teanga is gá chun caidreamh a chothú idir comharsanna.

Tá Tíomór Thoir ceangailte ó dhúchas agus ó nádúr den tsraith fhada oileán a shíneann siar uaidh chomh fada le hAceh; ach ina dhiaidh sin is uile tá an dúchas eile ann, meascán d'anamachas agus de Chríostaíocht, de chultúr Malaech agus de chultúr de chuid na hEorpa. Tiocfaidh an Indinéisis isteach ar shlí amháin nó ar shlí eile. Idir an dá linn, tá Tíomór Thoir ag tabhairt leis na teanga agus na hoighreachta a rinne áit ar leith de.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Ó na nuachtáin Ghaeilge

A quarrel over arts funding in the North: Is Irish getting too much?
Dea-scéal agus drochscéal ag na healaíona i dTuaisceart Éireann. Tá méid neamhchoitianta airgid le cur isteach i gCiste Léirithe na Gaeilge, de réir mar a dúirt urlabhra de chuid na Roinne Cultúir, Ealaíon is Fóillíochta. Beidh breis airgid ag dul freisin d'Acadamh Albainis Uladh. Scéal é nach raibh ball de Chomhairle Ealaíon an Tuaiscirt sásta a ligean thairis. Dúirt sé go fíochmhar go raibh barúil aige go raibh an t-airgead céanna ag teacht ó liúntas a raibh lucht ealaíon pobail ag súil leis. Breab do Shinn Féin agus don DUP a bhí ann, chun iad a mhealladh chun comhréitigh, dar leis. Thug stiúrthóir an chompántais Aisling Ghéar éitheach mo dhuine, agus é á chur in iúl go ndearnadh laghdú mór ar airgead an chiste léirithe teilifíse sular tháinig an t-amhantar seo.

Irish in the European Parliament.
Ní fada ó thug an Feisire Eorpach Bairbre de Brún (Sinn Féin) óráid uaithi i nGaeilge ar cheist na dramhaíola i bParlaimint na hEorpa, rud nár thaitin le Feisire de chuid an DUP. Rinne sé sin tagairt don Ghaeilge mar theanga gan aird nár thuig duine ar bith í. Caint mhístuama í seo, go háirithe ós dócha go raibh Gaeilge ar a dtoil ag sinsir an fhir chéanna. Chuir cathaoirleach na Parlaiminte abhaile air go raibh lánchead ag an mBrúnach labhairt i nGaeilge mar theanga mhionlaigh. Is féidir teangacha mionlaigh a labhairt sa Pharlaimint ach a mbeidh ceist an stádais réitithe, cé nach ndéantar an chaint a aistriú nó a thuairisciú go hoifigiúil.

Implementation of the Language Act
Litreacha, cuntair in oifigí an phoist, seirbhísí agus mórán eile a bheidh i gceist, de réir mar a dúirt urlabhra de chuid An Post agus é ag caint faoin ngrúpa stiúrtha a cuireadh ar bun chun rialacha an Achta Teanga a chur i bhfeidhm. Tá 25 comhlacht stáit agus Roinn eile ar na chéad chinn atá le bheith á n-ullmhú féin ar an dóigh seo, agus níor ghá do An Post féin dul i gceann oibre chomh luath seo; ach tá sé á dhéanamh, agus is comhartha dóchais é. Tá an t-uafás le cur i gcríoch: 10,000 duine atá ar fostú ann, agus tá 1,400 fo-oifig le cur san áireamh.

An Act for the North?
San Astráil atá an tOllamh Ferdinand de Varennes, saineolaí teanga, ag múineadh, ach bhí cúpla focal le rá aige le déanaí i mBéal Feirste agus é ag caint ag comhdháil. Measann sé go mbeidh Acht Teanga i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann i gceann cúpla bliain. Ní féidir, dar leis, cosaint dlí a thabhairt do dhá theanga naisiúnta eile – Gaeilge na hAlban agus Breatnais – agus í a cheilt ar an nGaeilge. Dúirt sé gurbh iad na forálacha is laige ón Chairt Eorpach i leith Teangacha Mionlaigh a roghnaigh an Rialtas agus iad ag deimhniú Chuid 3 den Chairt i leith na Gaeilge. Measann sé gur chóir don reachtaíocht teanga a bheith soiléir, a aithint go bhfuil feidhm ar leith le teangacha difriúla, forais éifeachtacha a bhunú agus a bheith in ann tabhairt ar na húdaráis cloí lena gcuid dualgas.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Cúrsaí ealaíne

Computer technology has brought new precision to the attribution of paintings.
Anailís dhigiteach chun tréithe na stríoc a rinneadh le cleiteán, le peann nó le pionsail a aimsiú agus a aithint – rud a chuirfidh eagla ar fhalsaitheoirí agus a thabharfaidh sólás do scoláirí. Tá pacáiste ríomhaireachta ann anois a thugann na tréithe úd le chéile ina lorg leictreonach láimhe. Agus beidh freagra le fáil, mar shampla, ar an gceist seo: An é an máistir féin a rinne an saothar, nó a chuid cúntóirí?

Eolaithe ó Choláiste Dartmouth i New Hampshire, Meiriceá, a rinne an bogearra, agus is féidir pictiúir dhaite, priontaí agus líníochtaí a thriail leis. (Foilsíodh tuairisc air in *Proceedings of the Royal Academy of Sciences* an mhí seo.) Déantar dianscanáil dhigiteach ar an bpictiúr agus ansin déanann an ríomhaire anailís mhatamaiticiúil ar an toradh. Cuirtear doimhne, brú, cuaradh agus treo na stríoc san áireamh chun lámh an phéintéara a nochtadh.

Rinneadh dhá thriail ar an mbogearra chun a éifeacht a mheas. Rinneadh anailís ar *Muire le Leanbh*, pictiúr le Pietro Perugino, péintéir Iodálach de chuid an 16ú haois. Ba é tuairim na saineolaithe gur cúntóirí a chuir an bhailchríoch ar Íosagáin agus ar dhá naomh, rud a dheimhnigh an ríomhaire. Ansin tugadh faoi trí línocht déag a chuirtí i leith seanPhieter Brueghel, an sárphéintéir Pléimeannach. Shocraigh na saineolaithe nach ndearna Brueghel ach ocht gcinn díobh, agus tá an ríomhaire ar aon aigne leo. Deimhniú ar ghrinneas na súile daonna é seo freisin, ar ndóigh, ach is fusa an duine a chur amú.

Toradh eile a d'fhéadfadh a bheith ar an anailís nua ná a lán saothar ealaíne a lua go deimhnitheach le healaíontóirí mná – ealaíontóirí nach bhfuair moladh ná aitheantas féin go dtí seo toisc gur cuireadh a ndearna siad i leith na bhfear.

Churches or museums: the Italian story.
'Chiese come musei: e i credenti?' a deir an ceannlíne i nuachtán áitiúil Iodáilise. 'Teampaill mar dhánlanna: agus na fíréin?' Déantar tagairt anseo do na ticéid a chaithfidh turasóirí a cheannach chun dul isteach i dteampaill mhóra na hEorpa, agus go háirithe san Iodáil. Tá cúig theampall agus ardeaglais is seachtó idir Veinéis agus Flórans (Firenze) a éilíonn ticéad ort chun a gcuid ealaíne a fheiceáil. Caithfear airgead a fháil chun na háiteanna seo a chaomhnú agus a dheisiú in aois seo na hollturasóireachta, ach ní mó ná sásta atá Uachtarán an Choimisiúin Phápaigh um

Sheoda Cultúrtha leis an scéal. Tá dánlanna á ndéanamh de na háiteanna seo, a deir sé, ach is áiteanna adhartha fós iad tar éis an tsaoil.

Déantar iarracht ar shocrú a dhéanamh. I Veinéis tá ceithre theampall déag (an 'Chorus'), agus ar ocht n-euró féadann tú iad go léir a fheiceáil. Ligtear na turasóirí isteach idir 10.00am agus 5.00pm i rith na seachtaine, agus idir 1.00pm agus 5.00pm Dé Domhnaigh; ligtear pobal Dé isteach saor in aisce taobh amuigh de na hamanna sin. Rachaidh 600,000 turasóir isteach faoi dheireadh na bliana seo: slám maith airgid. Ag Flórans féadann tú dul isteach san ardeaglais féin – *Il Duomo* – saor in aisce; ach caithfidh tú ticéad a cheannach chun taitneamh a bhaint as an mBaistealann, as Clogtheach Giotto agus eile. Sin é an bealach leis an dá thrá a fhreastal.

⋄❖⋄❖⋄❖⋄❖⋄

⌘ FLEÁ NUA ⌘

6-9 Eanáir 2005
Jindabyne NSW

Ceol, rince (seiteanna, rincí fada agus rincí céilí) agus ceolchoirmeacha.

Saotharlanna bainseó, cairdín, consairtín agus rince.

Beidh Seaimpíní Uile-Éireann June McCormack agus Michael Rooney ann ar an bhfliúit agus ar an gcláirseach, le Mossie Martin ar an bhfidil agus Caroline Frawley ar an gcairdín. Beidh Banna Píob Éireannach NSW ann, agus amhránaithe agus ceoltóirí as gach cearn den Astráil.

Múineadh: Fliúit, cláirseach, cairdín agus fidil. (Caithfidh tú clárú le guthán nó le facs.)

Kevin: guthán/facs (02) 9181 3365 nó 0401 827 460

Irishmusicianssydney@hotmail.com

www.irishmusicianssydney.com

Tá an Fhleá ag tacú le scéim an Athar Chris Riley 'Youth off the street' agus le Briogáid Dóiteáin Tuaithe Jindabyne.

⋄❖⋄❖⋄❖⋄❖⋄

Más mian leat gan an nuachtlitir seo a fháil a thuilleadh cuir teachtaireacht chun: colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan